AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.11.2022
SWD(2022) 710 draft

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# Creat Eorpach Idir-inoibritheachta le haghaidh Cathracha Cliste agus Comhphobail Chliste (EIF4SCC)

***a ghabhann leis an doiciméad***

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**maidir le beartas idir-inoibritheachta poiblí neartaithe**

**Seirbhísí poiblí a nascadh, tacú le beartais phoiblí agus tairbhí poiblí a thógáil I dTreo 'Eoraip Idir-inoibritheach'**

{COM(2022) 710 final}

GA GA

**Clár Ábhar**

1. 1. FORBHREATHNÚ AGUS RAON FEIDHME ........................................................ 3
2. 2. RÉAMHRÁ MAIDIR LE EIF4SCC.............................................................. 5
3. 3. SAINMHÍNITHE AR CHOINCHEAPA EIF4SCC .................................................. 8
4. 4. PRIONSABAIL LE HAGHAIDH EIF4SCC ........................................................ 9
5. 5. EILIMINTÍ LE HAGHAIDH EIF4SCC.......................................................... 14
6. 6. MÚNLA COINCHEAPÚIL SAINCHEAPTHA LE HAGHAIDH SEIRBHÍSÍ SCC COMHTHÁITE.................................................................................... 20
7. 7. CONCLÚID ................................................................................................ 26

## Gluais

| Acrainm | Brí |
|---|---|
| IS | An Intleacht Shaorga |
| API | Comhéadan Ríomhchláraithe Feidhmchlár |
| SCE | An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa |
| CEI | Creat Eorpach Idir-inoibritheachta |
| EIF4SCC | Creat Eorpach Idir-inoibritheachta le haghaidh Cathracha Cliste/Comhphobail Chliste |
| ESPON | Gréasán Faire Eorpach um Fhorbairt Chríochach agus um Chomhtháthú Críochach |
| AE | An tAontas Eorpach |
| CE | An Coimisiún Eorpach |
| ICC | Dúshlán um Chathracha Cliste |
| TFC | Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide |
| IoT | Idirlíon na Rudaí Nithiúla |
| ISA² | Réitigh idir-inoibritheachta do riaracháin phoiblí, do ghnólachtaí agus do shaoránaigh |
| LORDI | Táscairí Digiteacha Áitiúla agus Réigiúnacha |
| MIManna Plus | Sásraí Idir-inoibritheachta Íosta |
| NIO | Creat Idir-inoibritheachta Náisiúnta |
| SCC | Cathracha agus Comhphobail Chliste agus Inbhuanaithe |

## 1. 1. FORBHREATHNÚ AGUS RAON FEIDHME

Mar a shonraítear i gConarthaí an Aontais Eorpaigh (AE), ráthaíonn margadh inmheánach an Aontais ceithre 'shaoirse' - saorghluaiseacht earraí, caipitil, seirbhísí agus daoine idir na 27 mBallstát. Deimhnítear na saoirsí sin le beartais choiteanna a dtacaíonn líonraí agus córais idirnasctha agus idir-inoibritheacha leo. Tá daoine saor le hobair agus le bogadh agus tá gnólachtaí saor le trádáil agus le hoibriú i mBallstáit uile an Aontais. Agus sin á dhéanamh, níl aon amhras ach nach mór dóibh idirghníomhú ar bhonn leictreonach le gach leibhéal de na riaracháin phoiblí sna Ballstáit, cibé acu gur riaracháin náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla iad. Is féidir riaracháin phoiblí ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, agus limistéir thuaithe agus uirbeacha ina measc, a ainmniú faoin bhfoclaíocht 'Cathracha agus Comhphobail'.

Bíonn dúshláin chasta roimh chathracha agus roimh chomhphobail, amhail an t-athrú aeráide, caighdeán tithíochta, saincheisteanna sláinte agus sóisialta, éifeachtúlacht fuinnimh agus soghluaisteacht uirbeach. Tá níos mó agus níos mó cathracha agus comhphobail ag baint úsáide as na féidearthachtaí a thagann le réitigh dhigiteacha agus le dul chun cinn teicneolaíoch chun dul i ngleic leis na dúshláin sin atá ag dul i méid agus chun rannchuidiú leis an aistriú glas. Tá cathracha agus comhphobail á gclaochlú féin dá bhrí sin ina gCathracha agus ina gComhphobail Chliste agus Inbhuanaithe agus leas iomlán á bhaint acu as teicneolaíochtaí digiteacha agus iad ag éirí níos glaise, níos athléimní agus níos inbhuanaithe ar mhaithe le cách.


Tá an idir-inoibritheacht ríthábhachtach chun an ceann is fearr a fháil ar na dúshláin a luaitear thuas i gcathracha agus i gcomhphobail. Leanann seachadadh seirbhíse deighilte as easpa idir-inoibritheachta ar an leibhéal áitiúil, chomh maith le heaspa cumarsáide i measc na n-ardán, na dteicneolaíochtaí agus na bpáirtithe leasmhara difriúla, agus mar gheall ar sin ní fhaigheann an pobal ach seirbhís fho-optamach.

**Agus aitheantas á thábhacht na hidir-inoibritheachta d'fholláine áitritheoirí, gnólachtaí, cuairteoirí agus riarthóirí cathrach/comhphobail san Aontas Eorpach, d'fhorbair an Coimisiún Eorpach Creat Eorpach Idir-inoibritheachta le haghaidh Cathracha Cliste agus Comhphobail Chliste (EIF4SCC) mar speisialtóireacht den Chreat Eorpach Idir-inoibritheachta[1].**

Forbraíodh EIF4SCC trí thógáil ar chomhlántachtaí le tionscnaimh roimhe seo agus le tionscnaimh leanúnacha agus trí chomhlántachtaí a aimsiú leo, amhail, mar shampla, an ghluaiseacht Living-in.EU[2], Creat Eorpach Idir-inoibritheachta 2017 (CEI)[3], na Sásraí Idir-inoibritheachta Íosta (MIManna Plus)[4] agus torthaí thionscnaimh arna maoiniú ag an Aontas (e.g. Bloic Thógála Digiteacha na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE)[5], Áit Mhargaidh um Chathracha Cliste[6], Dúshlán um Chathracha Cliste[7], Comhpháirtíocht don Aistriú Digiteach faoin gClár Oibre Uirbeach[8]) agus tionscadail atá á maoiniú ag an Aontas (Synchronicity[9], Triangulum[10], etc.) mar a léirítear i bhFíor 1.

1 https://ec.europa.eu/isa2/eif_en/
2 https://www.living-in.eu/
3 https://ec.europa.eu/isa2/eif_en
4 https://oascities.org/minimal-interoperability-mechanisms/
5 https://ec.europa.eu/cefdigital/wiki/display/CEFDIGITAL/CEF+Digital+Home
6 https://smart-cities-marketplace.ec.europa.eu/
7 https://www.intelligentcitieschallenge.eu/
8 https://ec.europa.eu/futurium/en/digital-transition/digital-transition-action-plan
9 https://synchronicity-iot.eu/
10 http://triangulum-project.eu/

*Fíor 1 – ailíniú EIF4SCC le tionscnaimh agus tionscadail eile de chuid an Aontais*




Díríonn EIF4SCC ar **choincheapa, prionsabail, eilimintí, moltaí agus múnla coiteann a sholáthar do cheannairí riaracháin áitiúil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun seachadadh seirbhíse a éascú don phobal thar réimsí, cathracha, réigiúin agus teorainneacha (Fíor 2). Soláthraíodh cásanna úsáide praiticiúla atá ar fáil sa togra le haghaidh EIF4SCC maidir le gach moladh le linn do EIF4SCC a bheith á fhorbairt[11].**

*Fíor 2 - EIF4SCC i mbeagán focal*




[11] Féach an Togra le haghaidh EIF4SCC: https://living-in.eu/news/proposal-european-interoperability-framework-smart-cities-and-communities-eif4scc-published

## 2. 2. RÉAMHRÁ MAIDIR LE EIF4SCC

Tá ról bunúsach ag cathracha agus ag comhphobail san Aontas Eorpach. Is i gcathracha agus i gcomhphobail is mó atá cónaí ar bhunáite shaoránaigh na hEorpa[12]. Tá áitritheoirí, cuairteoirí, riarthóirí, gnólachtaí agus eagraíochtaí i gceist le cathracha agus comhphobail. Thairis sin, is áiteanna iad inar féidir le réitigh dhigiteacha agus leis an teicneolaíocht dhigiteach tacaíocht a thabhairt chun luach a chruthú lena gcuirtear sochair shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil ar fáil dá saoránaigh agus dá ngnólachtaí. Bíonn dúshláin chasta le sárú ag cathracha agus ag comhphobail, agus dá bhrí sin baineann siad leas as réitigh dhigiteacha agus dul chun cinn teicneolaíoch chun dul i ngleic leis na dúshláin sin atá ag dul i méid agus a mbíonn dlúthnasc eatarthu go minic. Rud lárnach freisin is ea comhchruthú le saoránaigh chun áiteanna cliste, athléimneacha, inbhuanaithe agus ionchuimsitheacha a dhéanamh de chathracha agus de chomhphobail na hEorpa, áit ina mbaineann daoine sásamh as a bheith ina gcónaí iontu, ag obair iontu agus as cuairt a thabhairt orthu.

Fágann na dúshláin chasta atá ann faoi láthair agus a gcuid réiteach go bhfuil gá le hidir-inoibritheacht fheabhsaithe. As an easpa idir-inoibritheachta leanann easnamh i gcomhtháthú seirbhísí a sholáthraítear ar an leibhéal áitiúil agus níos faide i gcéin nó bíonn easpa cumarsáide i measc na n-ardán (sonraí) agus/nó na dteicneolaíochtaí difriúla. Cuireann an easpa idir-inoibritheachta bac ollmhór freisin ó thaobh dul chun cinn na nuálaíochta a chothú i gcathracha agus i gcomhphobail. Is féidir leis moill a chur ar an méid a dhéantar chun na spriocanna a luaitear faoi Dheacáid Dhigiteach na hEorpa agus faoin gComhaontú Glas don Eoraip a chomhlíonadh.

Agus an idir-inoibritheacht á brú chun cinn, cuideoidh sé sin chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar na dúshláin a bhíonn le sárú ag cathracha agus ag comhphobail trí réitigh dhigiteacha agus dul chun cinn teicneolaíoch, agus teastaíonn comhthuiscint ó na gníomhaithe éagsúla maidir lena mbealaí oibre agus a gcuid gníomhaíochtaí agus seirbhísí. Ina measc sin is cóir machnamh a dhéanamh ar na creataí dlíthiúla is infheidhme ach freisin ar na caighdeáin agus na sonraíochtaí teicniúla a chuirtear i bhfeidhm maidir le forbairt theicniúil seirbhísí, ach níl ansin ach sampla. Ina theannta sin, seachnaítear glasáil isteach díoltóirí nó teicneolaíochta leis an idir-inoibritheacht agus cuidíonn sé chun margadh oscailte agus cothrom a chruthú inar féidir le FBManna forbairt. Tairbhíonn Cathracha agus Comhphobail de réitigh caighdeán-bhunaithe éagsúla atá idir-inoibritheach agus níos inacmhainne, rud a laghdaíonn an t-am a thógann sé seirbhísí a chur chun feidhme agus a sheachadadh don phobal.

Is é aidhm EIF4SCC:

- **cathracha agus comhphobail a ghríosú** ar fud an Aontais ina gcuid iarrachtaí aistriú chuig SCC, go háirithe chun seirbhísí digiteacha a sheachadadh laistigh dá gcomhthéacs áitiúil, in éineacht leis na gníomhaithe eile;
- **treoraíocht a thabhairt do cheannairí riaracháin áitiúil san Aontas** leis na prionsabail, moltaí agus le múnla coiteann lena mbítear in ann an idir-inoibritheacht a chur ag obair thar réimsí, cathracha agus pobail, réigiúin agus teorainneacha, chun seachadadh seirbhíse a fheabhsú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí;
- **cúnamh a thabhairt chun todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú** trí idir-inoibritheacht thrasteorann agus thrasearnála a chothú, ag tacú dá réir sin le claochlú digiteach na hEorpa sa chomhthéacs áitiúil.

Díríonn EIF4SCC d’aon turas ar cheannairí riaracháin áitiúil an Aontais toisc é a bheith mar aidhm aige creat ginearálta a sholáthar den mhéid atá i gceist le hidir-inoibritheacht, agus maidir leis an gcaoi ar féidir leis rannchuidiú le forbairt cathrach nó comhphobail chliste nó

[12] Eurostat, 2016, *Urban Europe — Statistics on cities, towns and suburbs* [An Eoraip Uirbeach — Staidreamh maidir le cathracha, bailte agus bruachbhailte].

níos cliste. Leis sin réiteofar an bealach le haghaidh seirbhísí do shaoránaigh agus do ghnólachtaí a thairgfear ní hamháin in SCC aonair, ach thar chathracha, thar réigiúin agus thar theorainneacha freisin.


Tá trí shainmhíniú, cúig phrionsabal, agus seacht n-eilimint a bhfuil dlúthnasc eatarthu i gceist le EIF4SCC. Chun a áirithiú gur féidir le ceannairí riaracháin áitiúil an Aontais EIF4SCC a chur i bhfeidhm go héasca ar a gcathair nó ar a gcomhphobal, forbraíodh samhail choincheapúil maidir le rialachas seirbhíse comhtháite. Cuirtear i láthair sa tsamhail choincheapúil sin an tacaíocht rialachais a theastaíonn chun gníomhaíochtaí a chomhordú. Tá EIF4SCC breactha le moltaí atá in ann ceannairí riaracháin áitiúil an Aontais a ghríosú ina gcuid oibre ar an idir-inoibritheacht. Mínítear go mion na codanna sin uile de EIF4SCC sna ranna seo a leanas.

Tugtar forbhreathnú i bhFíor 3 ar EIF4SCC agus ar a chuid eilimintí, agus cuirtear ábhar agus struchtúr EIF4SCC i láthair thíos:

- Cuirtear na sainmhínithe de na coincheapa a leagtar amach in EIF4SCC i láthair i gCaibidil 3;
- I gCaibidil 4 cuirtear sraith prionsabal (cúig cinn) i láthair atá beartaithe chun cur chuige ginearálta a leagan síos nuair a bheidh seirbhísí SCC á bhforbairt bunaithe ar idir-inoibritheacht;
- Cuirtear eilimintí (seacht n-eilimint)EIF4SCC i láthair i gCaibidil 5;
- Tugtar imlíne i gCaibidil 6 de shamhail choincheapúil le haghaidh Seirbhísí Comhtháite SCC. Tá an múnla coincheapúil i gcomhréir leis na prionsabail a bhaineann le hidir-inoibritheacht agus moltar an smaoineamh maidir le ‘hidir-inoibritheacht trí dhearadh’ ann;
- Tugtar an doiciméad i gCaibidil 7 i gcrích trí fhorbhreathnú a thabhairt agus na mór-eilimintí de EIF4SCC a cheangal le chéile;
- Ina theannta sin, cuirtear sraith 30 moladh i láthair ar fud na gcaibidlí éagsúla agus léirítear iad le roinnt cásanna úsáide atá ar fáil sa togra le haghaidh EIF4SCC[13], mar mhíreanna inghníomhaithe a chuirfear chun feidhme in SCC.

[13] https://living-in.eu/news/proposal-european-interoperability-framework-smart-cities-and-communities-eif4scc-published


*Fíor 3 - Creat EIF4SCC le haghaidh SCC*



## 3. 3. SAINMHÍNITHE AR CHOINCHEAPA EIF4SCC

Cuirtear i láthair sa roinn seo an chaoi ar cheart na coincheapa maidir le hIdir-inoibritheacht, Cathracha Cliste agus Comhphobail Chliste agus EIF4SCC a thuiscint (Fíor 4). Soláthraítear sainmhíniú le haghaidh gach coincheapa. Agus tagairt á déanamh do EIF4SCC, is gá i gcónaí na trí shainmhíniú sin a chur i láthair le chéile, toisc go mbaineann siad le chéile agus go dtreisíonn siad a chéile. Is deacair do dhuine tairbhiú go hiomlán de EIF4SCC, nuair nach n-aithnítear go maith na coincheapa maidir le hIdir-inoibritheacht agus SCC.

***Fíor 4 - Coincheapa EIF4SCC***




Is éard is idir-inoibritheacht i gcomhthéacs SCC, agus dá bhrí sin sna réimsí difriúla de chathair nó de chomhphobal agus eatarthu, ná:

| |
|---|
| ***An cumas atá ag eagraíochtaí agus ag daoine aonair idirghníomhú i dtreo sheachadadh seirbhísí i gcathracha agus i gcomhphobail, trí mhalartú sonraí, faisnéise agus eolais, agus na nithe sin ann de bharr próisis ailínithe agus teicneolaíochtaí digiteacha, agus saincheisteanna slándála agus príobháideachais á gcur san áireamh.*** |

Is éard is Cathair Chliste/Comhphobal Cliste[14] ná:

| |
|---|
| ***Cathair/comhphobal inbhuanaithe agus ionchuimsitheach atá ag díriú ar fholláine a chuid áitritheoirí, gnólachtaí, cuairteoirí, eagraíochtaí agus riarthóirí cathrach/comhphobail trí sheirbhísí atá cumasaithe ar bhonn digiteach a thairiscint.*** |

Is éard is EIF4SCC ná:

| |
|---|
| ***Cur chuige chun tacú le forbairt seirbhísí idir-inoibritheacha i gcathair chliste/comhphobal cliste thar réimsí agus thar chathracha agus teorainneacha. Sainítear leis treoirlínte bunúsacha idir-inoibritheachta i bhfoirm prionsabail choiteann, eilimintí, múnlaí agus moltaí.*** |


[14] Tagraítear sa chreat seo dá réir sin do Chathracha agus do Chomhphobail, toisc go ndíríonn an doiciméad ar cheannairí riaracháin áitiúil ó phríomhchathracha an Aontais suas go dtí na sráidbhailte áitiúla agus na limistéir uirbeacha ar fud an Aontais. Ciallaíonn cathracha agus comhphobail pobail daoine atá sainithe ar bhonn tíreolaíoch, ag a bhfuil stádas dlíthiúil, ionadaí dlíthiúil agus féin-rialachas, agus atá aitheanta go dlíthiúil ag a mBallstát.

## 4. 4. PRIONSABAIL LE HAGHAIDH EIF4SCC

Seachas na trí choincheap atá sainithe thuas, tá cúig phrionsabal (Fíor 5) mar bhonn taca faoi EIF4SCC freisin. Is ann dóibh de bharr gur saincheapadh prionsabail na gluaiseachta Living-in.eu agus an Chreata Eorpaigh Idir-inoibritheachta 2017 chun teacht le comhthéacs SCC. Dá bharr sin, cruthaítear leo na gnéithe iompraíochta bunúsacha lena sainítear treo na hidir-inoibritheachta in SCC.

Cuirtear na cúig phrionsabal sin i láthair thíos, in éineacht le sraith moltaí faoi seach faoi conas iad a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs SCC. .

*Fíor 5 - Prionsabail EIF4SCC*



- **Cur chuige atá dírithe ar an duine,** áit ina bhfuil ról lárnach ag folláine, uileghabhálacht, inrochtaineacht agus ilchultúrachas/ilteangachas. Ón bpeirspictíocht maidir le seachadadh seirbhíse, ba cheart simpliú riaracháin a áireamh leis an gcur chuige sin freisin ar mhaithe le daoine aonair agus le heagraíochtaí. Dá bhrí sin, cuimsítear leis sin prionsabal na haonuaire[15], arb is aidhm dó sonraí agus doiciméid a sholáthair daoine cheana féin a athúsáid, agus é sin a dhéanamh ar bhealach trédhearcach agus slán.

| **Moladh #1** |
|---|
| A áirithiú go mbeidh ról gníomhach ag áitritheoirí agus ag cuairteoirí trína nascadh, iad a bheith rannpháirteach agus iad a chumasú sa phróiseas ceaptha beartais, sa phróiseas comhchruthaithe agus i dtástáil réiteach le haghaidh SCC. |
| **Moladh #2** |
| A mhéid is féidir faoin reachtaíocht atá i bhfeidhm, a iarraidh ar úsáideoirí seirbhísí cathracha/comhphobal faisnéis aonuaire agus ábhartha amháin a sholáthar, agus próiseas iomlán trédhearcach á chinntiú faoin gcaoi a n-úsáidtear sonraí. |
| **Moladh #3** |
| A áirithiú go gcuirtear inrochtaineacht (lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus grúpaí eile faoi mhíbhuntáiste) san áireamh le linn don soláthar seirbhíse a bheith á sholáthar, á dhearadh, á fhorbairt, á chur chun feidhme agus le linn faireachán a dhéanamh air, lena n-áirítear trí shonraíochtaí ríomh-inrochtaineachta a leanúint ar leibhéal réigiúnach, náisiúnta, Eorpach nó idirnáisiúnta. |

- **Straitéis lárnach chun dúshláin idir-inoibritheachta a shárú is ea cur chuige atá dírithe ar riachtanais i gcathracha/i gcomhphobail ar leibhéal an Aontais,** lena chomhroinntear an taithí a bhaineann le hidir-inoibritheacht, agus is bealach é chun daoine aonair nó eagraíochtaí a ghríosú laistigh de chathracha/comhphobail agus ar fud cathracha/comhphobal. Dá bhrí sin, trí chomóntachtaí thar chomhthéacsanna difriúla cathrach/comhphobail a shainaithint, cuideofar chun tacaíocht éifeachtúil shaincheaptha a sholáthar.

[15] Ciallaíonn prionsabal na haonuaire nár cheart go n-iarrfaí ar úsáideoirí/gnólachtaí aonair an fhaisnéis chéanna a sholáthar níos mó ná uair amháin. Mar shampla, má cuireadh eolas isteach chuig riarachán poiblí amháin cheana féin, níor cheart go n-iarrfaí ar úsáideoirí/gnólachtaí aonair an t-eolas sin a chur isteach arís chuig riarachán poiblí eile.
- Plean Gníomhaíochta r-Rialtais an Aontais 2016-2020, COM(2016) 179 https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/egovernment-action-plan#:~:text=The%20eGovernment%20Action%20Plan%20enables,to%20operate%20efficiently%20across%20borders
- Dearbhú Bheirlín maidir leis an tSochaí Dhigiteach agus Rialtas Digiteach Luachbhunaithe, 2020 https://ec.europa.eu/isa2/sites/default/files/cdr_20201207_eu2020_berlin_declaration_on_digital_society_and_value-based_digital_government_.pdf

**Moladh #4**

Fóraim, líonraí agus meithleacha atá ann cheana a fhormhuiniú agus dul isteach iontu, ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach[16] chun dlús a chur le comhoibriú agus comhar, dul i dteannta a chéile, taithí agus dea-chleachtais a phlé agus a chomhroinnt agus tógáil ar an eolas agus ar an taithí atá ar fáil cheana féin.

- **Ba cheart don chathair/comhphobal mar éiceachóras nuálaíochta oscailte atá á spreagadh ag an rannpháirtíocht** cur chuige oscailte agus comhoibríoch a chur chun cinn ina gcuirtear tuairim daoine aonair agus eagraíochtaí san áireamh, agus a thógann, dá bhrí sin, ar chineálacha cur chuige rannpháirtíochta, amhail comhchruthú agus comhtháirgeadh.

**Moladh #5**

Comhar agus cumarsáid a áirithiú idir áitritheoirí, gnólachtaí, cuairteoirí, eagraíochtaí agus riarthóirí cathrach/comhphobail, i do chathair/comhphobal, ionas go dtabharfar aghaidh ar riachtanais, dúshláin agus ceanglais éagsúla (e.g. maireachtáil chuidithe, cúram sóisialta, sláinte, oideachas, cultúr agus an comhshaol), agus go ndéantar é sin ar bhealach comhoibríoch trí bhaint a bheith ag na páirtithe leasmhara leis na hinniúlachtaí agus/nó na scileanna uile nuair atá seirbhísí á gcomhchruthú agus á gcomhtháirgeadh.

**Moladh #6**

Éiceachóras nuálaíochta oscailte a chothú (amhail saotharlanna beo áitiúla, moil nuálaíochta digití) chun a áirithiú go bhfuil an comhphobal áitiúil bainteach go gníomhach le réitigh nua a chruthú agus a mhéadú.

- **Rochtain, úsáid, comhroinnt agus bainistiú sonraí agus teicneolaíochta atá eiticiúil agus freagrach go sóisialta,** ina gcuirtear trédhearcacht, slándáil agus príobháideachas san áireamh. Ní mór cosaint do phríobháideachas an duine, caomhnú a gcuid faisnéise agus slándáil na faisnéise a ráthú chomh maith leis an gceart atá ag an duine go ligfí i ndearmad é.

**Moladh #7**

Foinsí faisnéise (bun-chlárlanna, tairseacha sonraí oscailte, etc.) a chur ar fáil d'áitritheoirí, gnólachtaí, cuairteoirí, eagraíochtaí agus riarthóirí cathrach/comhphobail lena n-áirithítear slándáil, iontaoibh agus príobháideachas i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha agus rannchuidiú le spás sonraí an Aontais le haghaidh comhphobail aeráidneodracha agus chliste.

---

[16] I measc samplaí d'fhóraim, líonraí agus meithleacha atá ann cheana áirítear na cinn seo a leanas: Living-in.EU, Dúshlán um Chathracha Cliste, Cathracha Cliste Oscailte agus Solúbtha, EUROCITIES, Líonra Eorpach na Saotharlann Beo (ENoLL), Áit Mhargaidh um Chathracha Cliste, Líonra Taighde agus Nuálaíochta na Réigiún Eorpach (ERRIN), Rialtais Áitiúla ar son na hInbhuanaitheachta (ICLEI), etc.

| Moladh #8 |
| --- |
| A áirithiú go mbeidh meas ar chearta digiteacha le linn don soláthar seirbhísí a bheith á dhearadh, á fhorbairt, á chur chun feidhme agus á fhaire (lena n-áirítear saincheisteanna RGCS). |

| Moladh #9 |
| --- |
| Trédhearcacht a áirithiú i dtaca le comhar comhroinnte sonraí idir an rialtas, saoránaigh, gnólachtaí agus eagraíochtaí agus laistigh díobh. |

- **Teicneolaíochtaí mar phríomh-chumasóirí, ní mar chuspóir.** Níor cheart féachaint ar an teicneolaíocht mar chumasóir ach nuair is iomchuí déanamh amhlaidh. Ba cheart neodracht theicneolaíoch agus inaistritheacht sonraí a chur san áireamh nuair a bhíonn seirbhísí á bhforbairt. Ba cheart caighdeáin oscailte agus sonraíochtaí teicniúla oscailte a chur ag obair nuair a bhíonn ardáin dhigiteacha idir-inoibritheacha á bhforbairt. Chun na críche sin, teastófar measúnú iomchuí a dhéanamh ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht teicneolaíochtaí. Mar sin, nuair atá teicneolaíochtaí á n-úsáid, ní mór forbairt scileanna digiteacha agus inniúlachtaí na soláthraithe seirbhíse agus na n-úsáideoirí a chur san áireamh.

  Le caighdeáin oscailte agus sonraíochtaí teicniúla oscailte seachnaítear an díoltóir nó an teicneolaíocht a ghlasáil isteach agus bítear in ann an idir-inoibritheacht a chumasú agus cothaítear ag an am céanna éiceachóras na cathrach cliste agus an margadh gaolmhar a bhaineann le réitigh dhigiteacha. Is rud cinntitheach é an leibhéal oscailteachta a bhaineann le sonraíocht/caighdeán chun comhpháirteanna bogearraí lena gcuirtear an tsonraíocht sin chun feidhme a athúsáid. Tá feidhm aige sin freisin i gcás ina n-úsáidtear comhpháirteanna den sórt sin chun seirbhísí nua a thabhairt isteach. Má chuirtear prionsabal na hoscailteachta i bhfeidhm ina iomláine:

  - Bíonn an deis ag gach páirtí leasmhar rannchuidiú le forbairt na sonraíochta agus bíonn athbhreithniú poiblí mar chuid den phróiseas cinnteoireachta;
  - Bíonn an tsonraíocht ar fáil do chách;
  - Tá na Cearta Maoine Intleachtúla a ghabhann leis an tsonraíocht ceadúnaithe ar théarmaí Córa, Réasúnta agus Neamh-idirdhealaitheacha (FRAND), ar bhealach lena mbítear in ann bogearraí dílsithe agus bogearraí foinse oscailte araon a chur chun feidhme, agus ar bhonn atá saor ó ríchíosa más féidir é.

| Moladh #10 |
| --- |
| Caighdeáin oscailte agus sonraíochtaí teicniúla oscailte a úsáid nuair a bhítear ag forbairt ardán/spás sonraí áitiúil agus seirbhísí, agus bealaí rochtana agus cúnaimh éagsúla a chur san áireamh chun a áirithiú gur féidir le húsáideoirí roghnú cén rogha is fearr a thugann aghaidh ar a riachtanais agus/nó a sainroghanna. |

| Moladh #11 |
| --- |
| Réitigh gan uaim a chur chun feidhme chun fónamh d'áitritheoirí, gnólachtaí, cuairteoirí, eagraíochtaí agus riarthóirí cathrach/comhphobail, agus leas á bhaint as ardteicneolaíochtaí (amhail IoT, blocshlabhra, IS, etc.). |


| **Moladh #12** |
| --- |
| Ardán(ardáin)/spás(spásanna) sonraí áitiúil/áitiúla a bhunú nó a chomhdhlúthú, lena gcomhtháthaíonn agus lena n-athúsáideann páirtithe leasmhara sonraí i gcathracha agus i gcomhphobail, agus lena gcuireann siad caighdeáin oscailte agus sonraíochtaí teicniúla oscailte chun cinn, APInna[17] agus múnlaí sonraí chun dearcadh iomlánaíoch a thabhairt ar an bhfaisnéis. Leis sin dírítear ar thacaíocht a thabhairt don phróiseas cinnteoireachta agus ar nuálaíocht agus rannpháirtíocht na saoránach a chothú. |

[17] Treoir 91/250 (nó 2009/24/CE)

## 5. 5. EILIMINTÍ LE HAGHAIDH EIF4SCC

Ag tógáil ar na príomh-choincheapa agus prionsabail, cuirtear eilimintí EIF4SCC i láthair i bhFíor 6


*Fíor 6 - Eilimintí EIF4SCC*




Tá EIF4SCC tógtha ar chúig chomhpháirt idir-inoibritheachta, sraith thrasghearraitheach amháin, agus gach ceann acu tógtha ar bhunchloch an Rialachais Idir-inoibritheachta (Fíor 7). Sainaithníodh na comhpháirteanna idir-inoibritheachta seo a leanas:

1) Idir-inoibritheacht chultúrtha,
2) Idir-inoibritheacht dhlíthiúil,
3) Idir-inoibritheacht eagraíochtúil,
4) Idir-inoibritheacht shéimeantach agus,
5) Idir-inoibritheacht theicniúil.

*Fíor 7 - Eilimintí de mhúnla idir-inoibritheachta EIF4SCC*




Mar gheall air sin coinníonn an múnla idir-inoibritheachta EIF4SCC seo roinnt saintréithe de Chreat Eorpach Idir-inoibritheachta 2017. Áirithítear leis sin go mbeidh cur chuige coiteann san Eoraip maidir leis an idir-inoibritheacht. I dteannta an dearaidh shrathaithe athbhreithnithe, is iad na príomhathruithe ar EIF4SCC ná an Idir-inoibritheacht Chultúrtha atá curtha leis agus an modhnú ar Rialachas Comhtháite na Seirbhíse Poiblí, rud atá athlipéadaithe mar Rialachas Seirbhíse Comhtháite.

- **Is rud é an rialachas idir-inoibritheachta** atá lárnach do **chur chuige iomlánaíoch** maidir leis an idir-inoibritheacht, ag tagairt do chinntí maidir le creataí idir-inoibritheachta, socruithe institiúide, struchtúir eagraíochtúla, róil agus freagrachtaí, beartais, comhaontuithe agus gnéithe eile chun an idir-inoibritheacht a áirithiú agus chun faireachán a dhéanamh uirthi ar leibhéil áitiúla, náisiúnta agus an Aontais.

**Moladh #13**

Rialachas iomlánaíoch a shainiú agus a chur chun feidhme maidir le seirbhísí idir-inoibritheachta thar réimsí agus pháirtithe leasmhara ar an leibhéal áitiúil, agus riachtanais idir-inoibritheachta náisiúnta agus Eorpacha á gcomhlíonadh chun an idir-inoibritheacht a áirithiú thar chathracha/comhphobail, réigiúin agus teorainneacha.

- **Rialachas seirbhíse comhtháite.** Tagraíonn CEI 2017 do chineál poiblí na seirbhísí agus luaitear ann go mbíonn riarthóirí poiblí éagsúla ag teastáil ón soláthar seirbhíse poiblí san Eoraip go minic chun oibriú le chéile chun riachtanais úsáideoirí deiridh a chomhlíonadh agus chun **seirbhísí poiblí a sholáthar ar bhealach comhtháite**. Baintear an coincheap *poiblí* as EIF4SCC. Éiríonn an tsraith thrasghearraitheach níos leithne, ag aithint ról na ngníomhaithe riaracháin neamhphoiblí sa soláthar seirbhíse i gcomhthéacs SCC. Toisc nach bhfuil aon smacht ag riaracháin phoiblí ar mhéid substaintiúil sonraí agus faisnéise i gcomhthéacs SCC, ní mór don rialachas seirbhíse comhtháite dearcadh níos leithne a ghlacadh agus gan féachaint thar an riarachán poiblí féin. Tagraíonn rialachas seirbhíse comhtháite, dá bhrí sin, don chomhthéacs rialachais agus cuimsítear na comhpháirteanna uile leis: idir-inoibritheacht chultúrtha, dhlíthiúil, eagraíochtúil, shéimeantach agus

theicniúil. Is cúram leanúnach é idir-inoibritheacht a áirithiú nuair a bhíonn an comhthéacs cultúrtha á chomhaontú, ionstraimí dlí á n-ullmhú, próisis chomhair á n-eagrú, le haghaidh malartú sonraí agus faisnéise, seirbhísí agus comhpháirteanna a thacaíonn le SCC, toisc go gcuireann athruithe ar an timpeallacht isteach go tráthrialta ar an idir-inoibritheacht. Eascraíonn conair seirbhíse comhtháite agus sreafaí oibre comhroinnte as rialachas seirbhíse comhtháite.

| **Moladh #14** |
| --- |
| Réitigh, sonraí, uirlisí agus seirbhísí a athúsáid agus a chomhroinnt trí chomhoibriú le páirtithe leasmhara difriúla i gcéim dhearaidh, forbartha, cur chun feidhme agus faireacháin an tsoláthair seirbhíse ar leibhéil áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha. |

| **Moladh #15** |
| --- |
| Struchtúr rialachais chomhtháite a bhunú agus a choinnigh ar bun le páirtithe leasmhara ábhartha chun idir-inoibritheacht a áirithiú nuair a bhíonn seirbhísí comhtháite á seachadadh, i gcomhordú leis an treoraíocht maidir le rialachas idir-inoibritheachta iomlánaíoch. |

| **Moladh #16** |
| --- |
| Creat(aí) dearaidh API a bhunú, a fhoilsiú agus a choinnigh ar bun chun uathoibriú na comhroinnte sonraí agus na rochtana sonraí a éascú do chathracha agus do chomhphobail chun forbairt seirbhísí agus réiteach (nua) a chumasú. |

| **Moladh #17** |
| --- |
| Tacú le dea-chleachtais agus/nó iad a chur chun cinn i measc páirtithe leasmhara, ag céim luath d'aon chéim dhearaidh, forbartha agus cur chun feidhme seirbhíse (nua). |

- Tagraíonn **idir-inoibritheacht chultúrtha** don chur chuige a ghlacann daoine aonair agus eagraíochtaí chun a ndifríochtaí sóisialta agus cultúrtha a chur san áireamh agus, más infheidhme, difríochtaí cultúrtha eagraíochtúla. Is féidir le difríochtaí cultúrtha tionchar a bheith acu ar an idir-inoibritheacht, toisc gur féidir le daoine aonair agus le heagraíochtaí freagairt ar bhealach difriúil don dúshlán idir-inoibritheachta céanna. Is féidir na difríochtaí cultúrtha sin a léiriú, mar shampla, i ndúshláin pholaitiúla agus i stíleanna ceannaireachta. Is féidir le gníomhaithe difriúla laistigh de chathair chliste tuairimí éagsúla a bheith acu faoin gcaoi a bhfeidhmítear an cheannaireacht, i gcomhthéacs na hidir-inoibritheachta. Leis sin bíonn díospóireacht ag teastáil i measc na ngníomhaithe lena mbaineann faoi conas an cheannaireacht a fheidhmiú ina gcomhthéacs idir-inoibritheachta.

| **Moladh #18** |
| --- |
| A áirithiú go mbeidh páirtithe leasmhara éagsúla (áitritheoirí, gnólachtaí, cuairteoirí, eagraíochtaí agus riarthóirí cathrach/comhphobail) rannpháirteach i bpróiseas ildisciplíneach ina ndéantar seirbhísí idir-inoibritheacha a shainiú agus/nó a dhearadh ionas go mbeifear freagrach as difríochtaí sochaíocha agus cultúrtha (eagraíochtúla, eacnamaíocha, eitneacha, creidimh reiligiúnacha, inscne, teanga). |

**Moladh #19**

Cóid bogearraí a fhaire agus a iniúchadh agus úsáid thrédhearcach agus chuntasach as algartaim IS a áirithiú, chun claontaí (eacnamaíocha, eitneacha, creidimh reiligiúnacha, inscne, etc.) lenar féidir idirdhealú a dhéanamh idir daoine a sheachaint.

- Baineann **idir-inoibritheacht dhlíthiúil** lena áirithiú gur féidir le daoine aonair agus le heagraíochtaí, cibé acu gur eagraíochtaí poiblí nó neamhphoiblí iad, a oibríonn faoi chreataí dlíthiúla agus rialála difriúla, rialacha soláthair mar aon le beartais agus straitéisí difriúla, oibriú le chéile. Ba cheart le beartais, rialacháin agus reachtaíocht go mbeifí in ann seirbhísí a bhunú laistigh de SCC agus idir SCCanna difriúla, in ionad iad a bheith ina mbac. Tá gá le comhaontuithe soiléire faoi conas ba cheart déileáil le difríochtaí i mbeartais, rialacháin agus reachtaíocht thar SCCanna, lena n-áirítear an rogha maidir le beartais, rialacháin agus reachtaíocht nua a chur i bhfeidhm. Bíonn tionchar láidir ag an idir-inoibritheacht dhlíthiúil ar chomhroinnt sonraí mar shampla, toisc go n-éilítear ceadúnais sonraí a fhorbairt agus a úsáid leis sin.

**Moladh #20**

Creat dlíthiúil láidir agus iontaofa a chur i bhfeidhm chun comhroinnt sonraí a chur ar bun agus a éascú thar pháirtithe leasmhara agus thar réimsí ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach.

**Moladh #21**

An ceart maidir le réitigh, sonraí, uirlisí agus seirbhísí a rochtain agus a athúsáid a chur in iúl. Ba cheart an cead dlíthiúil chun rochtain agus athúsáid a éascú, amhail Ceadúnais Creative Commons, a chaighdeánú a mhéid is féidir.

- Tagraíonn **idir-inoibritheacht eagraíochtúil** don bhealach ina ndéanann eagraíochtaí a gcuid próisis, freagrachtaí agus ionchais a ailíniú chun spriocanna a chomhaontaítear i gcoiteann a bhaint amach. Ciallaíonn idir-inoibritheacht eagraíochtúil próisis a dhoiciméadú, a chomhtháthú nó a ailíniú agus faisnéis ábhartha a mhalartú. Tá sé mar aidhm freisin ag idir-inoibritheacht eagraíochtúil riachtanais úsáideoirí a chomhlíonadh trí sheirbhísí a chur ar fáil, iad a bheith sainaitheanta go héasca, inrochtana agus dírithe ar an úsáideoir. Thairis sin, is féidir le rannpháirtíocht ghníomhach an phobail úsáideoirí a bheith mar chuid den chomhpháirt a bhaineann le hidir-inoibritheacht eagraíochtúil.

**Moladh #22**

Struchtúr eagraíochtúil a chur i bhfeidhm chun róil agus freagrachtaí soiléire próiseas a bhunú agus a choinnigh ar bun chun seirbhísí a sheachadadh ar an leibhéal áitiúil.

- Áirithítear le **hidir-inoibritheacht shéimeantach** go gcaomhnaítear an fhormáid agus an bhrí bheacht a bhaineann le sonraí agus faisnéis mhalartaithe agus go dtuigtear é ar fud na malartuithe idir daoine aonair agus eagraíochtaí. Cumhdaítear gnéithe séimeantacha agus comhréireacha araon le hidir-inoibritheacht shéimeantach: Tagraíonn an ghné shéimeantach don bhrí atá le heilimintí sonraí agus an caidreamh eatarthu. Áirítear leis sin múnlaí sonraí, stóir focal rialaithe agus liostaí de chóid choitianta chun tuairisc a thabhairt ar mhalartuithe sonraí agus áirithítear leis go dtuigeann na páirtithe uile atá i mbun

cumarsáide na heilimintí sonraí ar an mbealach céanna. Tagraíonn an ghné chomhréireach do thuairisc a thabhairt ar fhormáid bheacht na faisnéise a bheidh le malartú i dtéarmaí gramadaí agus formáide.

| **Moladh #23** |
| --- |
| Oibriú i dtreo cur tuairisc a chomhaontaítear go coiteann agus tuiscint ar na réitigh, na sonraí, na huirlisí agus na seirbhísí (formáid, brí sonraí, an caidreamh idir páirtithe), i measc páirtithe leasmhara agus thar réimsí ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach. |

- Tagraíonn **idir-inoibritheacht theicniúil** do shonraíochtaí comhéadain, seirbhísí idirnascachta, seirbhísí um chomhtháthú sonraí, cur i láthair agus malartú sonraí, agus prótacail chumarsáide shlána. Thairis sin, agus caighdeáin á gcur i bhfeidhm ba cheart go mbeidís ar fáil i bhformáid oscailte. Ba cheart sonraíochtaí teicniúla oscailte a shaincheapadh don chomhthéacs sonrach ina n-úsáidfear iad. Ón taobh idir-inoibritheachta teicniúla de, mar shampla, leis na Sásraí Idir-inoibritheachta Íosta (MIManna Plus) agus Bloic Thógála na Saoráide um Chónascadh na hEorpa, bunaithe ar chaighdeáin oscailte a chomhaontaítear ar bhonn coiteann agus ar shonraíochtaí teicniúla oscailte, áirithítear go mbaintear idir-inoibritheacht sonraí, córas, agus seirbhísí amach idir cathracha agus soláthróirí ar fud an domhain, agus gur féidir leo treoraíocht a thabhairt dóibh sin a oibríonn ar an idir-inoibritheacht in éiceachóras SCC.

| **Moladh #24** |
| --- |
| Seirbhísí níos cothrománaí a chruthú i dtreo ardán sonraí áitiúil, chun an ceann is fearr a fháil ar bhacainní laistigh de réimsí difriúla, trí chomhar agus rannpháirtíocht a spreagadh i measc áitritheoirí, gnólachtaí, cuairteoirí, eagraíochtaí agus riarthóirí cathrach/comhphobail. |
| **Moladh #25** |
| Seirbhísí gan uaim a fhorbairt agus a sholáthar inar féidir le háitritheoirí, gnólachtaí, cuairteoirí agus eagraíochtaí in ann scéimeanna eID a shainaithint agus a fhíordheimhniú. |
| **Moladh #26** |
| Caighdeáin oscailte agus sonraíochtaí teicniúla oscailte a chomhaontaítear i gcoiteann a úsáid chun idir-inoibritheacht sonraí, córas, agus seirbhísí a bhaint amach, chun tacaíocht a thabhairt do chathracha/comhphobail agus do sholáthróirí le linn chéim dhearaidh, forbartha agus cur chun feidhme na seirbhísí nua nó le linn do sheirbhísí atá ann cheana a bheith á n-athchóiriú (ionas ‘nach gcuirfear cosa crainn faoi chearc’). |
| **Moladh #27** |
| Feasacht faoi na sochair atá le caighdeáin oscailte agus sonraíochtaí teicniúla oscailte a úsáid agus a ardú i measc soláthraithe seirbhíse SCC, le linn na céime dearaidh, forbartha agus cur chun feidhme. |

**Moladh #28**

A áirithiú go mbeidh cothroime iomaíochta ann go háitiúil do bhogearraí foinse oscailte agus machnamh gníomhach agus cothrom a léiriú chun an réiteach cáilíochta agus idir-inoibritheachta a mhéadú agus éirí níos éifeachtúla ó thaobh costais de.

**Moladh #29**

Feidhmchláir/seirbhísí digiteacha a fhorbairt agus ag áirithiú go mbeidh siad sin oscailte de réir réamhshocraithe (fiú mura bhfuil siad ag úsáid caighdeáin oscailte agus sonraíochtaí teicniúla oscailte, leis na feidhmchláir/seirbhísí digiteacha ba cheart go mbeifí in ann iad a chomhtháthú le cinn eile trí APInna, chun borradh a chur faoin gclaochlú digiteach ar an leibhéal áitiúil).

## 6. 6. Múnla Coincheapúil Saincheaptha le haghaidh Seirbhísí SCC Comhtháite


*Fíor 8 - Múnla Coincheapúil EIF4SCC*




Chun go mbeidh EIF4SCC inghníomhaithe, tugtar isteach múnla coincheapúil sa roinn seo le haghaidh Seirbhísí SCC Comhtháite (Fíor 9). Is é is aidhm dó tacú le tuiscint na gceannairí riaracháin áitiúil le haghaidh Seirbhísí SCC Comhtháite a phleanáil, a fhorbairt, a oibriú agus a chothabháil trí choincheapa, prionsabail agus eilimintí EIF4SCC a chur i bhfeidhm. Forbraítear an múnla coincheapúil ó pheirspictíocht éiceachórais SCC ginearálta agus fónann sé mar mhúnla ginearálta a bhféadfadh gá a bheith lena chur in oiriúint de réir chomhthéacs sonrach na riarachán áitiúil.

Tá an múnla coincheapúil i gcomhréir le Creat Eorpach Idir-inoibritheachta 2017 agus moltar an smaoineamh maidir le 'hidir-inoibritheacht trí dhearadh' ann, rud a chiallaíonn gur cheart na seirbhísí SCC comhtháite a dhearadh i gcomhréir leis an múnla beartaithe agus le riachtanais idir-inoibritheachta agus ath-inúsáidteachta ar intinn.

*Fíor 9 - Múnla coincheapúil le haghaidh Seirbhísí SCC Comhtháite*



**Tá sé chuid fhíor-riachtanacha agus a gcuid idirghníomhaíochtaí gaolmhara sa mhúnla. Is iad sin 1) Úsáideoirí Seirbhíse, 2) Seirbhísí SCC Comhtháite, 3) Soláthraithe Seirbhíse, 4) Foinsí Sonraí agus Seirbhísí, 5) Teicneolaíocht agus 6) Slándáil & Príobháideachas, agus mínítear iad thíos.**




**1.** Baineann **úsáideoirí seirbhíse**, amhail áitritheoirí, cuairteoirí, gnólachtaí, eagraíochtaí agus riarthóirí cathrach/comhphobail úsáid as na seirbhísí a thairgeann na Soláthraithe Seirbhíse. Is féidir le hÚsáideoirí Seirbhíse ról gníomhach a ghlacadh trína n-ionchur a sholáthar trí phróisis chomhchruthaithe agus chomhtháirgeachta sna Seirbhísí SCC Comhtháite. Is féidir le hÚsáideoirí Seirbhíse a n-ionchur a sholáthar freisin trí theicneolaíocht, rud as a bhféadfaí seirbhísí níos fearr a thairiscint dóibh dá bharr. Tugtar le fios leis an dinimic sin go mbeidh malartú leanúnach sonraí ann, lena ráthaítear slándáil agus príobháideachas.




**2.** Is éard atá i gceist le **Seirbhísí Comhtháite um Chathracha Cliste/Chomhphobail Chliste** seirbhísí a thairgeann Soláthraithe Seirbhíse d'Úsáideoirí Seirbhísí. Féadfaidh an earnáil phoiblí Seirbhísí SCC Comhtháite a thairiscint nó trí chomhar idir an earnáil phoiblí agus neamhphoiblí. I measc na samplaí tá idir forbairt seirbhísí atá néalbhunaithe agus a sholáthraíonn comhéadan soláimhsithe d'Úsáideoirí Seirbhísí agus forbairt Leathchúpla Digiteach Áitiúil. Is éard is Leathchúpla Digiteach ann ná cóip dhigiteach den chathair nó den chomhphobal lena cheadaítear cinntí beartais a thástáil i dtimpeallacht dhigiteach. Is féidir leis na seirbhísí sin leas a bhaint as bloic thógála atá ar fáil lena n-athúsáid. I measc na samplaí de bhloic thógála den sórt sin tá an Clár don Eoraip Dhigiteach agus réitigh ISA$^2$ agus Bloic Thógála na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE), a thairgeann inniúlachtaí bunúsacha agus ar féidir iad a úsáid in aon tionscadal Eorpach chun seachadadh seirbhísí poiblí digiteacha a éascú thar theorainneacha. Ar na samplaí de ISA$^2$ agus Bloic Thógála SCE tá na Stóir Focal Lárnacha[18], ríomhshíniú[19] agus ríomhshonrascadh[20].




**3**. Is féidir le **soláthraithe seirbhíse**, amhail riaracháin phoiblí áitiúla, gnólachtaí agus gníomhaithe sochaíocha éagsúlacht bhreá seirbhísí a sholáthar d'**Úsáideoirí Seirbhíse**. I measc na seirbhísí sin tá clárú breith linbh, bailiúchán dramhaíola ag do theach cónaithe nó bainistíocht soilse sráide le linn na hoíche. Is féidir leis an idirghníomhaíocht idir Soláthraithe Seirbhíse agus Úsáideoirí Seirbhíse san SCC tarlú laistigh de Chomhairle Choiteann SCC. Is é aidhm na Comhairle seachadadh seirbhísí a éascú san SCC.





Soláthraíonn an Chomhairle Choiteann SCC céim idirghníomhaíochta do Sholáthraithe Seirbhíse agus d'Úsáideoirí Seirbhíse. Is féidir leis an gComhairle ról ceannasach a ghlacadh maidir le riachtanais seirbhíse a shainaithint, maidir le pleanáil conas riachtanais seirbhíse a láimhseáil, maidir leis na pleananna a bhaineann le seirbhísí a chur i gcrích agus maidir le meastóireacht a dhéanamh ar bhaint amach na gcuspóirí.

18 https://joinup.ec.europa.eu/collection/semantic-interoperability-community-semic/core-vocabularies
19 https://ec.europa.eu/cefdigital/wiki/display/CEFDIGITAL/eSignature
20 https://ec.europa.eu/cefdigital/wiki/display/CEFDIGITAL/eInvoicing

Ag cur san áireamh gur idirghníomhaíocht í an Chomhairle Choiteann SCC atá fréamhaithe sa chaidreamh idir na hÚsáideoirí Seirbhíse agus na Soláthraithe Seirbhíse, tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar eagrú na Comhairle. Ba cheart do ghníomhaithe difriúla SCC cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi ar mian leo an Chomhairle a eagrú ionas gur féidir léi feidhmiú de réir a gcuid riachtanas agus comhthéacs. Féadfaidh próisis chomhchruthaithe agus chomhtháirgeachta leanúint as an idirghníomhaíocht sin. Tugtar léargas mionsonraithe i bhFíor 10 ar an gComhairle Choiteann SCC. Is féidir an Chomhairle a fhorbairt agus na réimsí seirbhíse difriúla féideartha á gcur san áireamh chomh maith leis na hidirghníomhaíochtaí idir na réimsí sin – smaoinigh ar an nGeilleagar Cliste (e.g. fiontraíocht, fás eacnamaíoch agus cruthú luacha eacnamaíoch), Rialachas Cliste (e.g. rannpháirtíocht phoiblí, comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, rialachas trédhearcach), Timpeallacht Chliste (e.g. bainistíocht dramhaíola, úsáid fuinnimh inbhuanaithe, athléimneacht uisce), Maireachtáil Chliste (e.g. cáilíocht na tithíochta, sábháilteacht uirbeach, cáilíocht oideachais, saoráidí cultúrtha), Daoine Cliste (e.g. scileanna & caipiteal daonna éirimiúil, pobal comhbhách) agus Soghluaisteacht Chliste (e.g. córais iompair phoiblí, inrochtaineacht éifeachtúil ar bhóithre).

***Fíor 10 - Comhairle Choiteann SCC***







**4.** Tá dhá ghné ag baint le **Foinsí Sonraí & Seirbhísí**. Tá an chéad ghné dírithe ar na **foinsí sonraí** atá ar fáil in SCC. Is féidir le Soláthraithe Sonraí agus le hÚsáideoirí Sonraí sonraí a bhailiú, trí Bhraiteoirí Cliste, Idirlíon na Rudaí Nithiúla, Feidhmchláir Bhogearraí, etc.

Is féidir sonraí a aicmiú mar a bheith oscailte, roinnte nó iata, ag brath ar chomaoineacha príobháideachais agus slándála.

- Tá **sonraí oscailte** ar fáil le hathúsáid ag tríú páirtithe agus gan ach srianta beaga i gceist leo. San Aontas, léirítear leis an gcoincheap maidir le sonraí oscailte caidreamh sonrach na riarachán poiblí a osclaíonn a gcuid sonraí le sraith íosta srianta i dtreo tríú páirtithe (trínar féidir le cúitimh airgeadais theoranta a bheith fós i bhfeidhm)[21].

[21] Is féidir forbhreathnú den chreat reachtach is infheidhme maidir le sonraí oscailte a fháil ag: https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/policies/legislation-open-data

- Is catagóir idirmheánach í **sonraí comhroinnte** . Sin sonraí nach gcomhroinntear mar shonraí oscailte, ach atá ar fáil do thríú páirtithe agus coinníollacha áirithe á n-urramú. Tá na coinníollacha sin níos sriantaí ná iad sin lena rialaítear sonraí oscailte.
- Ar deireadh, tá úsáid shrianta ag **sonraí iata** agus ní féidir iad a chomhroinnt le tríú páirtithe.

Is féidir feidhm a bheith ag comhroinnt agus oscailt sonraí maidir le gach gníomhaí sa chathair chliste nó sa chomhphobal cliste. Is féidir le gníomhaithe sa riarachán poiblí sonraí a chomhroinnt le gníomhaithe na riarachán neamhphoiblí agus *vice versa*. Ba cheart sonraí a struchtúrú i gcatalóga sonraí a thacaíonn le soláthraithe seirbhíse chun foinsí sonraí in-athúsáidte a aimsiú. Is féidir sonraí ó riarachán poiblí a aithint i bhformáid bun-chlárlainne. Is foinse eolais iontaofa agus údarásach é an bun-chlárlann ar féidir le daoine eile é a athúsáid go digiteach agus ar cheart dóibh déanamh amhlaidh, i gcás ina bhfuil gníomhaí amháin freagrach as faisnéis a bhailiú, a úsáid, a thabhairt cothrom le dáta agus a chaomhnú. Ó pheirspictíocht an riaracháin neamhphoiblí, d’fhéadfadh sé a bheith ábhartha freisin machnamh a dhéanamh ar na féidearthachtaí a thairgtear trí bhun-chlárlanna a fhorbairt. Leis sin bíonn an creat dlíthiúil agus na comhaontuithe is gá de dhíth leis na gníomhaithe sa riarachán poiblí. Is féidir le bun-chlárlanna cur i bhfeidhm phrionsabal na haonuaire a éascú, agus athúsáid sonraí agus doiciméad a sholáthar úsáideoirí seirbhíse cheana féin, agus é sin a dhéanamh ar bhealach trédhearcach agus slán.

I gcomhréir le sonraí, is féidir seirbhísí a aicmiú mar shonraí oscailte, comhroinnte nó iata.

- Nuair a bhíonn seirbhísí ar fáil i bhformáid oscailte, is féidir le tríú páirtithe iad a athúsáid le sraith íosta srianta.
- Is féidir seirbhísí comhroinnte a athúsáid freisin, ach beidh an athúsáid srianta do choinníollacha áirithe – e.g. teorainneacha ama, an líon úsáideoirí ceadaithe, srianta maidir leis an gcineál gníomhaithe ar féidir leo iad a athúsáid.
- Níl seirbhísí iata ar fáil le hathúsáid ag tríú páirtithe.

D’fhorbair an Coimisiún Eorpach, chomh maith le riaracháin phoiblí náisiúnta agus réigiúnacha, bloic thógála. Is seirbhísí iad sin atá ar fáil do ghníomhaithe sa riarachán poiblí agus sa riarachán neamhphoiblí araon lena n-athúsáid. Is féidir le bloic thógála a bheith ar fáil i bhformáid oscailte nó i bhformáid chomhroinnte. Tugann na bloic thógála sin deis do na Soláthraithe Seirbhíse Seirbhísí SCC Comhtháite a thairiscint do na hÚsáideoirí Seirbhíse ar an ngnáthbhealach. Leanann éifeachtúlacht níos airde as na bloic thógála in-athúsáidte do na Soláthraithe Seirbhíse, agus do mhéadú féideartha ar an áisiúlacht d’Úsáideoirí Seirbhíse.





Is féidir sonraí agus seirbhísí a chomhroinnt i measc na ngníomhaithe difriúla SCC in **Ardán Sonraí Coiteann SCC**, ar a dtugtar Ardán Sonraí nó Spás Sonraí Áitiúil freisin. Leis an Ardán sin, a chuir Soláthraithe Seirbhíse ar bun, éascaítear bainistíocht agus comhroinnt sonraí agus seirbhísí cathrach/comhphobail. Is féidir é sin a dhéanamh i gcomhréir le cuir chuige rialachais na Comhairle Coiteann SCC. Is é an difríocht idir an Chomhairle Choiteann SCC agus an tArdán Sonraí seo ná go bhfuil an Chomhairle Choiteann SCC dírithe ar eagrú foriomlán SCC agus na seirbhísí a thairgtear ann. Os a choinne sin, díríonn an tArdán Sonraí ar mhalartú sonraí agus seirbhísí. Tá an dá cheann comhlántach le chéile dá réir sin.

Tugtar léargas mionsonraithe i bhFíor 11 den Ardán Sonraí Coiteann SCC sin. Is iad na Soláthraithe Seirbhíse príomhthairbhithe an Ardáin Sonraí sin, agus cuireann siad sonraí isteach ann agus úsáideann siad sonraí ón Ardán Sonraí chun seirbhísí a fhorbairt agus a thairiscint. Léiríonn an líne phoncaithe i bhFíor 11 gur féidir na sonraí a athúsáidtear ón

Ardán Sonraí a thairiscint faoi choinníollacha sonracha ath-inúsáidteachta. In éineacht leis na Soláthraithe Seirbhíse, tá ról lárnach ag Úsáideoirí Seirbhíse san Ardán Sonraí. Trína n-iompraíocht fhoriomlán laistigh den SCC agus trí úsáid na seirbhísí a thairgeann na Soláthraithe Seirbhíse dóibh, soláthraíonn na hÚsáideoirí Seirbhíse sonraí don Ardán Sonraí. Tá príobháideachas agus slándáil sonraí ríthábhachtach agus is féidir iad a fheabhsú tríd an Ardán. Toisc go mbíonn sé de nós ag na Soláthraithe Seirbhíse tuilleadh sonraí a sholáthar don Ardán Sonraí i gcomparáid leis na sonraí a úsáideann siad, tá an tsaighead bhuí níos leithne ná an tsaighead ghorm. Is féidir le cineálacha difriúla sonraí a bheith ar fáil san Ardán Sonraí – lena n-áirítear sonraí riaracháin, sonraí eolaíocha, sonraí slua-fhoinsithe agus sonraí staidrimh, sonraí a bhailítear trí Idirlíon na Rudaí Nithiúla (IoT) nó a bhailítear trí bhraiteoirí comhshaoil agus uirbeacha.

***Fíor 11 - Ardán Coiteann SCC***

**Fíor 5 – Ardán Sonraí Coiteann um Chathracha Cliste / Chomhphobail Chliste**




**Teicneolaíocht**

**5.** Tá ról bunúsach ag an **teicneolaíocht**, in éineacht le Slándáil & Príobháideachas, maidir leis na Seirbhísí Comhtháite SCC a chur ar bun. Tá tionchar ábhartha ag an dá ghné araon ar an bpróiseas maidir le Seirbhísí Comhtháite SCC a chruthú, seirbhísí a thairgeann na Soláthraithe Seirbhíse do na hÚsáideoirí Seirbhíse. Leis an Teicneolaíocht bítear in ann sonraí a bhailiú, a stóráil, a chomhroinnt, a thabhairt cothrom le dáta agus a chaomhnú, agus bíonn an deis ann seirbhísí in-athúsáidte a fhorbairt. Tugann sé deis do na Soláthraithe Seirbhíse Seirbhísí SCC Comhtháite a chruthú do na hÚsáideoirí Seirbhíse agus bíonn an fhéidearthacht ann do na hÚsáideoirí Seirbhíse ról gníomhach a ghlacadh chun na seirbhísí sin a chruthú. I measc samplaí den teicneolaíocht atá ábhartha i gcomhthéacs SCC tá Intleacht shaorga, Mórshonraí, Blocshlabhra, Néalríomhaireacht, Ríomhaireacht ardfheidhmíochta, Leathchúplaí Digiteacha, Ardáin um Chomhtháthú Sonraí, Idirlíon na Rudaí Nithiúla, Feidhmchláir Shoghluaiste, etc.

**Slándáil & Príobháideachas**

**6.** Is ábhar imní mór iad **Slándáil & Príobháideachas** nuair a bhítear ag cur seirbhísí ar fáil, agus ní mór do na gníomhaithe sa riaracháin poiblí agus sa riarachán neamhphoiblí araon a áirithiú go leantar cur chuige príobháideachais-de réir-dearaidh agus slándála-de réir-dearaidh. Ba cheart a áirithiú freisin nach bhfuil seirbhísí leochaileach d'ionsaithe agus

go gcomhlíonfaidh na seirbhísí ceanglais agus oibleagáidí dlíthiúla [agus conarthacha] maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas. Cosúil leis an Teicneolaíocht, bíonn tionchar ag Slándáil & Príobháideachas ní hamháin ar na Foinsí Sonraí & Seirbhísí Cathrach/Comhphobail, ach freisin ar an gcaidreamh idir na Soláthraithe Seirbhíse agus an tairiscint de Sheirbhísí SCC Comhtháite do na hÚsáideoirí Seirbhíse.

| **Moladh #30** |
|---|
| An múnla coincheapúil le haghaidh Seirbhísí Comhtháite um Chathracha Cliste agus Chomhphobail Chliste a úsáid chun tacú le dearadh seirbhísí nua nó seirbhísí atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta agus a athúsáid, i gcás inar féidir, sonraí atá ann cheana, bloic thógála seirbhíse agus réitigh dhigiteacha amhail Bloic Thógála SCE, an Clár don Eoraip Dhigiteach agus réitigh ISA[2]. |

## 7. 7. CONCLÚID


Tá ról bunúsach ag cathracha agus ag comhphobail i saol shaoránaigh an Aontais Eorpaigh. Is iad na riaracháin phoiblí i gcathracha agus i gcomhphobail na cinn is gaire do na háitritheoirí, gnólachtaí agus cuairteoirí agus tá ról lárnach acu maidir le luach a chruthú ar mhaithe le seirbhísí a sheachadadh. Leis an bhfás tapa ar réitigh dhigiteacha agus ar dhul chun cinn teicneolaíoch le linn na ndeicheanna de bhlianta roimhe seo tá riaracháin áitiúla ag cur tús lena n-aistriú i dtreo a bheith ina gcathair nó ina gcomhphobal cliste agus léirigh siad an tábhacht atá leis an idir-inoibritheacht.

Is réamhriachtanas í an idir-inoibritheacht le haghaidh na cumarsáide leictreonaí agus chun faisnéis a mhalartú idir na gníomhaithe difriúla, ach mar atá feicthe againn, tá sé i bhfad níos leithne ná mar atá sé teicniúil ina chineál. Á chur sa chiall is leithne mar a chuirtear i láthair é sa EIF4SCC, is coinníoll riachtanach í an idir-inoibritheacht chun Cathracha Cliste agus Comhphobail Chliste a bhaint amach agus a fhorbairt tuilleadh san Eoraip.

Tugann EIF4SCC (féach Fíor 12) treoir i leith na hidir-inoibritheachta do cheannairí riaracháin áitiúil san Aontas Eorpach. Ina measc tá prionsabail, múnla idir-inoibritheachta coiteann agus moltaí ionas go n-oibreoidh an idir-inoibritheacht thar réimsí, cathracha, réigiúin agus teorainneacha, agus go leanfaidh seachadadh seirbhísí níos fearr as d'áitritheoirí, cuairteoirí, gnólachtaí agus do riarthóirí cathrach/comhphobail. Is cuid de raon tionscnamh níos leithne é EIF4SCC a ghlac an Coimisiún Eorpach chun forbairt SCCanna a éascú chomh maith leis an idir-inoibritheacht laistigh de riaracháin phoiblí agus ar fud na riarachán sin, agus gníomhaithe príobháideacha sa chomhthéacs den chathair chliste agus den chomhphobal cliste. Ní mór féachaint ar EIF4SCC mar iarracht chomhlántach an Choimisiúin Eorpaigh chun an idir-inoibritheacht a spreagadh agus rannchuidiú léi ó pheirspictíocht áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, Eorpach agus dhomhanda.

Tá EIF4SCC bunaithe ar an bhfíoras go ngabhann an idir-inoibritheacht thar ábhair TFC. Sainaithnítear seacht n-eilimint den idir-inoibritheacht in EIF4SCC (cultúrtha, dlíthiúil, eagraíochtúil, séimeantach agus teicniúil, sraith amháin thrasghearraitheach, agus gach ceann acu tógtha ar bhunchloch an Rialachais Idir-inoibritheachta).

***Fíor 12 - Múnla Coincheapúil EIF4SCC***




Baineann tosca rialachais le EIF4SCC chun comhordú gníomhaíochtaí ábhartha thar gach réimse de SCC a áirithiú. Tá sé d'aidhm ag an Múnla Coincheapúil le haghaidh Seirbhísí SCC Comhtháite an tacaíocht rialachais seo a éascú trí chreat a sholáthar do cheannairí riaracháin áitiúil a chuidíonn le pleanáil, forbairt, oibriú agus cothabháil seirbhísí SCC comhtháite.

Seachas na moltaí EIF4SCC, spreagtar riarthóirí áitiúla chun tionscnaimh eile a leanúint agus rannchuidiú leo. Ar cheann acu sin tá an ghluaiseacht Living-in.EU, gealltanas inar féidir le cinnteoirí oibriú i dteannta a chéile chun borradh a chur faoi chlaochlú digiteach inbhuanaithe i gcathracha agus i gcomhphobail san Aontas agus chun bearta inbhuanaithe a fhorbairt le chéile. Ina measc sin freisin tá malartú eolais agus dea-chleachtais a chomhroinnt timpeall ar réitigh idir-inoibritheachta sna cathracha.

Is cosán foghlama leanúnach iad na gníomhaíochtaí a dhéanann an Coimisiún Eorpach chun an idir-inoibritheacht a chur chun cinn. Dá bhrí sin, is doiciméad beo é seo nach mór a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn an ionchuir arna sholáthar ag riaracháin áitiúla, éabhlóid TFC agus riarachán poiblí agus bunaithe ar léargais nua maidir leis an idir-inoibritheacht a fhorbairt. Thairis sin, ní mór a chur i dtábhacht i bhfianaise CEI, nach ndírítear ann ach ar riaracháin phoiblí amháin, gur fhorbair riaracháin Bhallstáit an Aontais Creataí Idir-inoibritheachta Náisiúnta. Spreagtar ceannairí riaracháin áitiúil a bheith rannpháirteach i gCreat Idir-inoibritheachta Náisiúnta uileghabhálach a mBallstáit.

Oireann EIF4SCC dá réir sin do chomhthéacs rialachais il-leibhéil an Aontais, áit ina mbíonn ról tábhachtach ag gach leibhéal den riarachán poiblí chun an idir-inoibritheacht a bhaint amach ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, Eorpach agus domhanda. Trí chur chuige a ghlacadh ina gcuirtear an idir-inoibritheacht san áireamh ón tús, ciallaíonn sé go mbeifear ullmhaithe chun dul i ngleic le dúshláin chasta amhail an t-athrú aeráide, saincheisteanna sláinte agus saincheisteanna socheacnamaíocha. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach féachaint ar an idir-inoibritheacht mar éascaitheoir gníomhaíochtaí nó tionscnamh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, amhail an Comhaontú Glas don Eoraip[22] nó an Margadh Aonair Digiteach[23].

22 https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/european-green-deal_ga
23 https://ec.europa.eu/digital-single-market/en